



Comhairle an  
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 16 Samhain 2023  
(OR. en)

15558/23  
ADD 1

ENT 244  
MI 992  
COMPET 1127  
IND 604  
CONSOM 412  
DELACTION 182

## NÓTA CLÚDAIGH

---

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	10 Samhain 2023
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	C(2023) 7486 final - ANNEX
Ábhar:	IARSCRÍBHINN a ghabhann leis an Rialachán Tarmlichte ón gCoimisiún maidir leis na coinníollacha chun painéil agus cumhdach dlúthadhmaid a aicmiú, gan tástáil, maidir lena bhfrithghníomh in aghaidh dóiteáin agus lena leasaítear Cinneadh 2006/213/CE

---

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2023) 7486 final - ANNEX.

---

Faoi iamh: C(2023) 7486 final - ANNEX



AN COIMISIÚN  
EORPACH

An Bhruiséil, 10.11.2023  
C(2023) 7486 final

ANNEX

## IARSCRÍBHINN

a ghabhann leis an

**Rialachán Tarmligthe ón gCoimisiún**

**maidir leis na coinníollacha chun painéil agus cumhdach dlúthhadhmaid a aicmiú, gan tástáil, maidir lena bhfrithghníomh in aghaidh dóiteáin agus lena leasaítear Cinneadh 2006/213/CE**

## IARSCRÍBHINN

### Aicmí imoibriúcháin ar fheidhmíocht dóiteáin do phainéalú agus cumhdach adhmaid sholadaigh

Táirge <sup>(1)</sup>	Sonra táirge <sup>(5)</sup>	Meán dlús íosta <sup>(6)</sup> (kg/m <sup>3</sup> )	Tiús íosta, iomlán/iosmhéid <sup>(7)</sup> (mm)	Coinníoll maidir le húsáid deiridh <sup>(4)</sup>	Aicme <sup>(3)</sup>
Painéalú agus cumhdra <sup>(1)</sup>	Píosaí adhmaid neamhchóireáilte, bíodh teanga agus splíona orthu nó ná bíodh, bíodh dromchla próifílithe orthu nó ná bíodh	390	9/6	Gan aerbhearna nó le haerbhearna dúnta taobh thiar de	D — s2, d2
			12/8		D — s2, d0
Painéalú agus cumhdra <sup>(2)</sup>	Píosaí adhmaid neamhchóireáilte, bíodh teanga agus splíona orthu nó ná bíodh, bíodh dromchla próifílithe orthu nó ná bíodh	390	9/6	Le bearna aer oscailte ≤ 20 mm taobh thiar de	D — s2, d0
			18/12	Gan aerbhearna nó le haerbhearna oscailte taobh thiar de	
Eilimintí ribín adhmaid <sup>(8)</sup>	Píosaí adhmaid neamhchóireáilte suite ar fhráma tacaíochta <sup>(9)</sup>	390	18	Timpeallaithe ag aer ar gach taobh <sup>(10)</sup>	D — s2, d0

<sup>(1)</sup> Feistithe go meicniúil ar fhráma tacaíochta baitín adhmaid, agus an bearna dúnta nó líonta le foshraith d'aicme A2 — s1, d0 ar a laghad, ag a bhfuil íos dlús 10 kg/m<sup>3</sup> nó líonta le foshraith d'ábhar inslithe ceallalóise d'aicme E ar a laghad agus a bhfuil bacainn gaile taobh thiar di nó nach bhfuil. Déanfar an táirge adhmaid a dhearadh sa chaoi go mbeidh sé feistithe gan ailt oscailte.

<sup>(2)</sup> Suite go meicniúil ar fhráma tacaíochta baitín adhmaid, le bearna aer oscailte taobh thiar nó gan é. Déanfar an táirge adhmaid a dhearadh sa chaoi go mbeidh sé feistithe gan ailt oscailte.

<sup>(3)</sup> Aicme dá bhforáiltear i dTábla 1 den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Tarmiligthe (AE) 2016/364 ón gCoimisiún.

<sup>(4)</sup> D'fhéadfadh deis aerála taobh thiar den táirge a bheith i gceist le bearna aer oscailte, agus eisíofaídh bearna aer dúnta aeráil den sórt sin. Ní mór go mbeadh an fhoshraith taobh thiar den aerbhearna d'aicme A2 — s1, d0 ar a laghad agus 10 kg/m<sup>3</sup> ar a laghad inti. Taobh thiar de bearna iata aer de 20 mm ar a mhéad agus le píosaí adhmaid ingearacha, féadfaidh aicme D — s2 ar a laghad a bheith sa tsubstáit.

<sup>(4)</sup>I measc na n-alt tá gach cineál ailt e.g., bunailt agus ailt teanga agus splíona; Is ábhar adhmaid é adhmaid neamhchóireáilte nár brataíodh agus nach raibh faoi réir aon chineál cóireála seachas triomú áithe (fisiceach, ceimiceach, tuile, nó cóireálacha eile).

<sup>(6)</sup> Cóirithe de réir EN 13238.

<sup>(7)</sup> Mar a thaispeántar i bhFíor a. Achar próifílithe an thaobh nocht an phainéil nach mó ná 20 % den achar plána, nó 25 % má thomhaistear ag an taobh nocht agus ag an taobh nach bhfuil nocht den phainéal. Maidir le bunailt, tá feidhm ag an tiús níos mó ag comhéadan an ailt.

<sup>(8)</sup> Píosaí adhmaid dronuilleogacha, ar a bhfuil coirnéil chothromaithe nó nach bhfuil, suite go cothrománach nó go hingearach ar fhráma tacaíochta agus timpeallaithe ag aer ar gach taobh, a úsáidtear go príomha gar d'eilimintí tógála eile, in bhfeidhmeanna taobh istigh agus taobh amuigh araon.

<sup>(9)</sup> Achar nocht uasta (gach taobh de pháosaí dronuilleogacha adhmaid agus fráma tacaíochta adhmaid) nach mó ná 110 % d'achar iomlán an phlána, féach Fíor b.


<sup>(10)</sup> Ní mór d'eilimintí tógála eile atá níos giorra ná 100 mm ón eilimint ribín adhmaid (gan a fhráma tacaíochta a áireamh) a bheith d'aicme A2 — s1, d0 ar a laghad, ag achair 100-300 mm d'aicme B ar a laghad — s1, d0 agus ag achair is mó ná 300 mm d'aicme D — s2, d0 ar a laghad.

<sup>(11)</sup>Baineann sin le héadain céime staighre freisin.




Fíor a

Próifíl le haghaidh painéaladh agus cumhdach adhmaid sholadaigh



Fíor b

Uasachar nochta d'eilimint ribín adhmaid  $2n(t + w) + a \leq 1,10$



- $n$  = líon na bpíosaí adhmaid in aghaidh an mhéadair
- $t$  = tiús gach píosa adhmaid, i méadair
- $w$  = leithead gach píosa adhmaid, i méadair
- $a$  = achar nochta an fhráma tacaíochta adhmaid (más ann dó), i  $m^2$ , in aghaidh an mhéadair chearnaigh<sup>2</sup>